Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 15 Meán Fómhair 2023
(OR. en)

12995/23

LIMITE

FL 18
EEE 21
ETS 7
MI 744

PUBLIC

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Oiriúnaithe Earnála Lichtinstéin - Athbhreithniú - formheas |

1. Tar éis do Phrótacal 15 a ghabhann leis an gComhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE') maidir le saorghluaiseacht daoine dul in éag in 1999, tháinig an tAontas Eorpach agus Lichtinstéin ar chomhaontú maidir le socruithe sonracha i ndáil le srianta ar líon na gceadanna cónaithe arna ndeonú ag Lichtinstéin. Tugtar 'Oiriúnuithe Earnála Lichtinstéin' ar na forálacha sin agus tá siad le fáil in Iarscríbhinní V agus VIII a ghabhann le Comhaontú LEE.

2. Tá baint ag saorghluaiseacht daoine le Lichtinstéin faoi Oiriúnaithe Earnála Lichtinstéin. Mar sin féin, ní mór do shaoránaigh den Aontas agus náisiúnaigh de thíortha LEE eile ar mian leo cónaí a dhéanamh i Lichtinstéin cead cónaithe a fháil. Bunaítear le hOiriúnuithe Earnála Lichtinstéin íoslíon na gceadanna a bheidh le heisiúint do shaoránaigh den Aontas agus náisiúnaigh de thíortha LEE eile gach bliain. In 2004, leanadh de na socruithe sin, a comhaontaíodh ar feadh téarma 5 bliana i dtús báire, faoi réir an cheanglais go ndéanfaí athbhreithniú orthu gach 5 bliana. Rinneadh an chéad athbhreithniú in 2009, rinneadh an dara hathbhreithniú ar na hOiriúnuithe Earnála ina dhiaidh sin in 2014, agus bhí an tríú hathbhreithniú le déanamh in 2019 ach níl sé críochnaithe go fóill.

3. A mhéid a bhaineann leis an tríú hathbhreithniú ar na hOiriúnuithe Earnála, (ar bhonn na tréimhse 2014-2018), thíolaic an Coimisiún Eorpach nóta faisnéise i Meitheal 'Comhlachas Saorthrádála na hEorpa' (CSTE) de chuid na Comhairle i mí Eanáir 2023 ina leagtar amach roinnt gnéithe atá ábhartha don athbhreithniú agus inar míníodh, mar gheall ar mhoilleanna, nach mbeidh an tríú hathbhreithniú críochnaithe go dtí 2023[1].

4. Ar bhonn na faisnéise sin, bhí an chéad mhalartú tuairimí ag an Meitheal um CSTE an 24 Eanáir agus an 7 Feabhra 2023. Níor ardaíodh aon ábhar imní i dtaca le leanúint d'Oiriúnuithe Earnála Lichtinstéin sa tréimhse idir 2014-2018.

5. An 27 Iúil 2023, chuir an Coimisiún teachtaireacht faoi bhráid na Comhairle agus Pharlaimint na hEorpa maidir leis an athbhreithniú ar Oiriúnuithe Earnálacha Lichtinstéin, ina leagtar amach a mheasúnú i dtaca leis an tréimhse 2014-2018[2]. Sa teachtaireacht sin, dar leis an gCoimisiún nach gá athruithe a dhéanamh ar na rialacha atá ann faoi láthair agus measann sé nach gá na forálacha maidir le hOiriúnuithe Earnála a athrú ag an bpointe seo. Mar sin féin, tugann an Coimisiún dá aire nach ndearnadh aon athrú ar an bhfoirmle chun an cuóta bliantúil a ríomh le 24 bliain anuas agus nár athraíodh an bunús chun an ríomh sin a dhéanamh.

6. An 12 Meán Fómhair 2023, phléigh an Mheitheal um CSTE an Teachtaireacht ón gCoimisiún, agus chomhaontaigh sí an chonclúid a leagtar amach inti, i.e. nach gá aon athrú a dhéanamh ar hOiriúnuithe Earnála Lichtinstéin ag an bpointe seo.

7. I bhfianaise an mhéid sin, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an méid seo a leanas a dhéanamh:

a) a dhearbhú go n-aontaíonn sé nach gá athrú a dhéanamh ar fhorálacha Oiriúnuithe Earnála Lichtinstéin atá in Iarscríbhinní V agus VIII a ghabhann le Comhaontú LEE ag an bpointe seo; agus;

b) a mholadh don Chomhairle, mar mhír 'A' ag ceann de na cruinnithe eile a bheidh aici amach anseo, an seasamh a bheidh le glacadh ag an Aontas i dtaca le hathbhreithniú 2019 ar Oiriúnuithe Earnála Lichtinstéin atá in Iarscríbhinní V agus VIII a ghabhann le Comhaontú LEE, a fhormheas, chun nach ndéanfaí na forálacha ábhartha a athrú ag an bpointe seo.

---

[1] WK 748/23
[2] 12309/23



PUBLIC